An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséil, 4 Samhain 2026
(OR. en)

EUCO 16/26

CO EUR 13
PV/CO EUR 5

MIONTUAIRISCÍ

Ábhar: Cruinniú den Chomhairle Eorpach (18 agus 19 Meitheamh 2026)

Ag an gcruinniú a bhí aici an 15 agus an 16 Deireadh Fómhair 2026, d'fhormheas an Chomhairle Eorpach miontuairiscí ón gcruinniú a bhí aici an 18 agus an 19 Meitheamh 2026, mar a leagtar amach sa doiciméad seo iad, agus chinn iad a chur ar fáil don phobal

1. Seisiún tuairimíochta le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa 3

2. Seisiún tuairimíochta le hUachtarán na hÚcráine 3

3. Glacadh an chláir oibre 3

4. An Úcráin 3

5. An Meánoirthear 3

6. An Chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil Eile 3

7. Iomaíochas agus dúshláin eacnamaíocha dhomhanda 3

8. Cosaint agus slándáil na hEorpa 4

9. An imirce 4

10. Drugaí aindleathacha 4

11. Méadú agus athchóirithe 4

12. Poblacht na Moldóive 4

13. Na Balcáin Thiar 4

14. Ábhair eile 4

15. Glacadh na gconclúidí 5

16. Miontuairiscí an chruinnithe den Chomhairle Eorpach an 19 Márta 2026
a fhormheas agus cinneadh a dhéanamh iad a chur ar fáil don phobal 5

1. Seisiún tuairimíochta le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa

D'éist an Chomhairle Eorpach lena raibh le rá ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa.

I láthair Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, rinne an Chomhairle Eorpach a marana freisin ar chur chun feidhme an chláir oibre 'Eoraip Amháin, Margadh Aonair' agus ar chur chun feidhme an Dearbhaithe Chomhpháirtigh maidir le tosaíochtaí reachtacha an Aontais.

2. Seisiún tuairimíochta le hUachtarán na hÚcráine

Bhí seisiún tuairimíochta neamhfhoirmiúil ag an gComhairle Eorpach le hUachtarán na hÚcráine, Volodymyr ZELENSKYY.

3. Glacadh an chláir oibre

Ghlac an Chomhairle Eorpach a clár oibre mar a leagtar amach in EUCO 10/26 é.

4. An Úcráin

D'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach tiomantas an Aontais Eorpaigh leanúint de thacaíocht pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a chur ar fáil don Úcráin agus do mhuintir na tíre sin.

Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an Úcráin ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici.

5. An Meánoirthear

Phléigh an Chomhairle Eorpach a bhfuil tarlaithe le déanaí sa Mheánoirthear.

6. An Chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil Eile

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil nua. Fillfidh sí ar an tsaincheist sin ag an gcruinniú a bheidh aici i mí Dheireadh Fómhair 2026.

7. Iomaíochas agus dúshláin eacnamaíocha dhomhanda

Bhí díospóireacht straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir le saincheist na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha domhanda. Fillfidh sí ar an tsaincheist sin ag an gcruinniú a bheidh aici i mí Dheireadh Fómhair 2026.

8. Cosaint agus slándáil na hEorpa

Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar chosaint agus slándáil na hEorpa. Fillfidh sí ar shaincheist chosaint agus shlándáil na hEorpa ag an gcruinniú a bheidh aici i mí Dheireadh Fómhair 2026.

9. An imirce

Bhreithnigh an Chomhairle Eorpach an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na gconclúidí uaithi maidir leis an imirce. Beidh plé straitéiseach aici maidir leis an tsaincheist sin ag an gcruinniú a bheidh aici i mí Dheireadh Fómhair 2026.

10. Drugaí aindleathacha

Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar shaincheist na ndrugaí aindleathacha.

11. Méadú agus athchóirithe

Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar shaincheist an mhéadaithe agus na n-athchóirithe. Beidh plé straitéiseach aici maidir leis an tsaincheist sin ag an gcruinniú a bheidh aici i mí Dheireadh Fómhair 2026.

12. Poblacht na Moldóive

Phléigh an Chomhairle Eorpach a bhfuil tarlaithe le déanaí i gcás Phoblacht na Moldóive.

13. Na Balcáin Thiar

Phléigh an Chomhairle Eorpach a bhfuil tarlaithe le déanaí i gcás na mBalcán Thiar.

14. Ábhair eile

Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar an méid a leanas:

- Ebola;
- An Airméin;
- Seasamh leis an dlí idirnáisiúnta;
- Oileáin agus pobail chósta; agus
- An Seimeastar Eorpach.

15. Glacadh na gconclúidí

Ghlac an Chomhairle Eorpach na conclúidí, ina léirítear toradh a cuid plé, mar a leagtar amach in EUCO 8/26 iad.

16. Miontuairiscí an chruinnithe a bhí ag an gComhairle Eorpach an 19 Márta 2026 a fhormheas agus cinneadh a dhéanamh iad a chur ar fáil don phobal (EUCO 5/26)

D'fhormheas an Chomhairle Eorpach miontuairiscí an chruinnithe a tionóladh an 19 Márta 2026, mar a leagtar amach in EUCO 5/26 iad, agus chinn sí iad a chur ar fáil don phobal.